



Preasráiteas

Lucsamburg, 29 Samhain 2022

Ba cheart go mbeadh staidreamh Eorpach in ann freastal níos fearr ar riachtanais na n-úsáideoirí

Déanann an Coimisiún Eorpach staidreamh Eorpach a sholáthar atá ar chaighdeán sách maith tríd is tríd agus atá cuí lena úsáid ag lucht déanta beartais, ag gnólachtaí agus ag an bpobal, de réir tuarascáil nua atá eisiithe ag Cúirt Iniúchóirí na hEorpa. Cé go bhfuil pasmharc tugtha ag na hiniúchóirí don Choimisiún, tarraingíonn siad aird freisin ar roinnt laigí atá ann. Ba cheart go mbeadh staidreamh Eorpach níos fóintí do na húsáideoirí agus ba cheart é a shainoiriúnú níos fearr dá riachtanais. Ba cheart dul i gcomhairle go cuí leis na geallsealbhóirí (amhail an t-aos acadúil agus an pobal taighde) i dtaobh pleananna agus tosaíochtaí don staidreamh Eorpach. Agus tá bearnaí sonraí i réimsí staidrimh tábhachtacha, amhail an margadh saothair, gnó agus sláinte.

Ní féidir déanamh gan staidreamh oifigiúil nuair a bhíonn polaiteoirí agus ceannairí gnó i mbun cinnteoireachta atá bunaithe ar fhianaise, agus tá sé riachtanach freisin do thaighdeoirí, d'iriseoirí agus don phobal. San Aontas Eorpach, baintear úsáid as i mbaillú agus leithdháileadh cistí, agus freisin i ndearadh agus measúnú beartas i ngach uile réimse – lena n-áirítear fostaíocht, an comhshaol agus an geilleagar. Idir 2013 agus 2020, rinneadh beagnach leathbhilliún euro d'airgead na gcáiníocóirí a íoc as cistí an Aontais ar an bpróiseas a bhaineann le staidreamh Eorpach a tháirgeadh. Sheiceáil na hiniúchóirí an raibh bearta déanta ag an gCoimisiún chun ardleibhéal cáilíochta a chinntiú, agus rinneadar scrúdú cuimsitheach ar roinnt réimsí i.e. an margadh saothair, gnólachtaí agus sláinte.

“Ní dhéantar staidreamh a tháirgeadh díreach ar mhaithe lena tháirgeadh”, arsa Ildikó Gáll-Pelcz, an comhalta den Chúirt a stiúir an t-iniúchadh. “Is earra poiblí é, agus caitear smaoineamh ar na húsáideoirí agus iadsan a chur i lár an aonaigh nuair a bhíonn an staidreamh á ghiniúint. I ré na bréagaisnéise agus ag tráth a bhfuil géarchéimeanna ag teacht sna sála a chéile, tá sé thar a bheith tábhachtach go mbeadh caighdeán ard ag roinnt le staidreamh oifigiúil Eorpach, go mbíonn sé ag fónamh do riachtanais na n-úsáideoirí agus go mbreathnaítear ar bhealaí nuálacha chun é a tháirgeadh.”

Is é is cuspóir don phreasráiteas seo ná príomhtheachtaireachtaí na Tuarascála speisialta ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa a chur in iúl. Tá an tuarascáil iomlán ar fáil ag eca.europa.eu.

ECA Press

12, rue Alcide De Gasperi – L-1615 Luxembourg

E: press@eca.europa.eu @EUAuditors eca.europa.eu

Téann Eurostat, oifig staidrimh an Aontais Eorpaigh atá nasctha go díreach leis an gCoimisiún, i gcomhairle le húsáideoirí chun a dhéanamh amach cad iad na riachtanais ar cheart dó aghaidh a thabhairt orthu san obair a bheidh ar siúl aige amach anseo. Fuair na hiniúcháirí, áfach, nach raibh an príomhchomhlacht ionadaíochta d'úsáideoirí staidrimh – an Coiste Comhairleach Staitistiúil Eorpach – ionadaíoch ar na húsáideoirí go léir ar bhealach a bhí cothromasach agus éifeachtach, agus gur cheart dó a bheith níos cuimsithí chun dearcadh comhchoiteann a chinntiú. Sa lá atá inniu ann, níl páirt anseo ar chor ar bith ag an tsochaí shibhialta, eagraíochtaí neamhrialtasacha atá ionadaíoch ar ghrúpaí leochaileacha ná eagraíochtaí idirnáisiúnta.

Fuair na hiniúcháirí bearnaí freisin sa staidreamh sláinte, ar staidreamh é sin atá fós neamhiomlán mar gheall gur ar bhonn deonach a chuirtear ar fáil é agus nach gcuireann na Ballstáit go léir na sonraí comhaontaithe go léir ar aghaidh chuig Eurostat. Tá deacrachtaí ag Eurostat freisin ó thaobh sonraí riachtanacha a fháil i gcuid de na Ballstáit i réimsí ar nós gnó. Mar thoradh air sin, cuireann sé an sainmhíniú ar chuideachtaí beaga agus meánmhéide i bhfeidhm ar bhealach mícheart. Bearna eile atá curtha in iúl ag na hiniúcháirí ná nach bhfuil cumhachtaí fíorúcháin i réimsí áirithe ag Eurostat. Níl aon cheart ag Eurostat sonraí na mBallstát ar an margadh saothair agus ar an daonra a fhíorú, mar shampla, agus dá bhrí sin ní féidir beachtas na sonraí sin a fhíorú. Staidreamh é sin atá mar bhunús do ranníocaíochtaí éagsúla ón Aontas, lena n-áirítear cistiú don téarnamh ón bpaindéim. D'fhéadfadh sé gurb éard a leanfadh as sin ná go mbeadh míchruinneas i leithdháileadh cistiú ón Aontas atá bunaithe ar na sonraí sin.

Ábhar inní eile is ea an tráthúlacht, go háirithe i gcás staidreamh sláinte agus gnó. Cé gur féidir leis na Ballstáit staidreamh áirithe a chur ar aghaidh chuig Eurostat tráth atá chomh déanach le dhá bhliain i ndiaidh an fhíorais – rud ann féin a laghdaíonn a thairbhe d'úsáideoirí – bhí cásanna ann inar chuir Ballstáit na sonraí sin ar aghaidh ag tráth a bhí i bhfad i ndiaidh an sprioc-ama, nó nár chuir siad ach cuid de na sonraí ar fáil nó nár sheol siad na sonraí beag ná mór. Anuas air sin, níl an córas staidrimh Eorpach solúbtha a dhóthain chun freagairt go mear do thacair nua sonraí nuair a bhíonn gá lena leithéid a dhéanamh. Ba léir é sin i gcás COVID-19, nuair ba ghá bealaí eile a aimsiú chun rátaí báis a ríomh.

Fuair na hiniúcháirí nach raibh an cistiú le haghaidh staidreamh Eorpach foinsithe go hiomchuí agus nár tugadh tosaíocht leordhóthanach do thionscadail nuálacha. Tarraingíonn siad aird freisin ar Eurostat a bheith ag eisiúint staidrimh do ghrúpaí áirithe úsáideoirí sula n-eisítear go poiblí iad, rud a chruthaíonn riosca de bhrabúsaíocht eacnamaíoch a bheith ar siúl ag na daoine sin a fhaigheann rochtain luath air. D'fhéadfadh an rogha maidir le rochtain réamheisiúna a bheith ina chúis le deiseanna maidir le tairbhí eacnamaíocha a d'fhéadfadh na margaí a shaobhadh go tromchúiseach, agus ba cheart don Choimisiún athmhachnamh a dhéanamh ar an gcleachtas atá aige faoi láthair.

Faisnéis chúlra

Tá Tuarascáil speisialta 26/2022: 'Staidreamh Eorpach – Tá an fhéidearthacht ann chun an cháilíocht a fheabhsú tuilleadh', ar fáil ar [shuíomh gréasáin na Cúirte Iniúcháirí](#). D'fhoilsigh an Chúirt Iniúcháirí [tuarascáil ar Eurostat](#) in 2012, agus is gearr go bhfoilseoidh sí tuarascáil ar ríomh ONI.

Teagmháil don phreas

Preasoifig CIE: press@eca.europa.eu

- Damijan Fišer: damijan.fiser@eca.europa.eu – Fón póca: (+352) 621 552 224
- Claudia Spiti: claudia.spiti@eca.europa.eu – Fón póca: (+352) 691 553 547
- Vincent Bourgeais: vincent.bourgeais@eca.europa.eu – Fón póca: (+352) 691 551 502